# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach bhfuil aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó E, agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Níl sé furasta teacht ar na Fálta Dorcha. Ní mór duit bóthar lúbach a leanúint fad réimse aoibhinn, thar chaoirigh, thar ghleannta agus ghoirt bhuí faoi shíol ráibe go dtí áit éigin idir na bailte codlatacha, Baile an Chaistil agus Baile Monaidh. Má choinníonn tú bior ar do shúile agus do chos éadrom ar throitheán an gháis, aimseoidh tú lána scáthach idir dhá líne de chrainn bheithe chianaosta. Is iad sin na Fálta Dorcha. Lúbann a ngéaga féitheogacha i dtreo na spéire ar nós géaga iomadúla Durga, an bandia Indiach. Síneann na craobhacha is airde thar an lána go dtí na crainn ar an taobh eile, a nduilleoga ag luí thar chiumhais a chéile, ag urú na gréine. Deir bunadh na háite go dtaithíonn taibhse aonarach an áit seo. An Bhean Liath a thugtar uirthi.

"Ní thagadh aon duine anseo," a dúirt Dáithí Mac an Iarainn, treoraí turais, liom maidin annamh shéimh i mí an Mheithimh. "Anois tagann na céadta gach lá."

Cad é is cúis leis an díle seo? Bhí sé scríofa ar na T-léinte a bhí á gcaitheamh ag buíon turasóirí a bhí ag tógáil grianghraf i measc na bhFálta: "Game of Thrones".

Croinic atá ann faoi chogadh idir ríshleachta faoi choinne Ríchathaoir Iarainn i dtír shamhlaíoch na Westeros. Is cultas í an tsraith fantaisíochta seo atá lomlán de dhíol spéise agus de thírdhreacha tormasacha. Is é sin an rud atá ag tarraingt an lucht leanúna chuig an gceantar seo, daoine a dteastaíonn uathu cuairt a thabhairt ar áiteanna mar na Fálta Dorcha.

Mar a d'fhoghlaim mé an lá dar gcionn agus mé ag tiomáint ó thuaidh ar Bhóthar an Chósta, is fiú cuairt a thabhairt ar an tírdhreach seo, cuma an bhfuil a fhios agat an difear atá idir Wildings agus White Walkers nó nach bhfuil. Tá sé mar a bheadh áit as na síscéalta ann. Is ar an mbóthar seo nó gar dó a dhéantar cuid mhór den tsraith a scannánú. Cuid suntais an tírdhreach. Shílfeá nár chóir dó a bheith ann ar chor ar bith taobh amuigh de shamhlaíocht an pháiste. Tá na himireacha den ghlas chomh beoga sin go bhfiafraíonn tú díot féin an bhfaca tú dath glas riamh roimhe i ndáiríre. Tá na capaill bhána sna páirceanna mar a bheadh rud a d'éalaigh ó roithleagán ró den sórt a bhí ag Mary Poppins.

Tá Cuan Bhaile an Tuaighe ar na háiteanna is aoibhne a thaispeántar sa tsraith. Sna 1700idí a tógadh an cuan seo agus tá sé in úsáid i gcónaí. Ní fheicfidh tú aon rian feiceálach den seó ach chuaigh mé ann tráthnóna Dé Sathairn amháin in éineacht le roinnt de lucht leanúna "Game of Thrones" a bhí leis an lá a chaitheamh ag leanúint lorg na gcarachtar ab ansa leo. Thuirlingíomar den bhus agus síos cnoc géar linn, imeacht thart reilig go dtí Cuan Bhaile an Tuaighe. Bhí báid iascaireachta ag preabadh ar bharr an uisce, gach aon ghliográn as na cloigíní orthu. Ní raibh aithint idir an fharraige agus an spéir de dheasca an cheo. Dá scaoilfí feistiú ceann de na báid, sheolfadh sé leis go Neverland, shílfeá.

Arna chóiriú ó *Following* '*Game of Thrones*' le Stephanie Rosenbloom, The New York Times,
Iúil, 2013.

## Sliocht B

Tá leithscéal ag cuairteoirí-as-baile má bhíonn siad treascartha agus iad ag siúl síos sráid chathrach. Bíonn an oiread sin ar siúl is nach féidir le haon duine gach rud a thabhairt faoi deara. Is fada ó shin a d'fhoghlaim bunadh na háite conas an t-ionsaí ar na céadfaí seo a shíothlú: bíonn cuid acu ag faire ar na treochtaí faisin nó ar an ailtireacht, nó ar an dúlra fiú amháin. Tá cleas níos annaimhe ag dream eile – agus is fiú é a thriail deireadh seachtaine éigin – gan díriú ar rud ar bith ach ar ealaín sráide, na modhanna neamhchoimisiúnaithe, neamhthráchtála atá feiceálach ar fhoirgnimh, ar chosáin agus ar chomharthaí sráide agus is mó i bhfad iad ná graifítí traidisiúnta.

Is eol do Marc Schiller, comhbhunaitheoir láithreán gréasáin an Wooster Collective – a thaispeánann grianghraif den ealaín sráide is fearr ar domhan – nach bhfeiceann an chuid is mó de na daoine ealaín sráide go dtí go dtéann siad á gcuardach. Tá gach saghas i gceist san ealaín sráide, líníochtaí ar pháipéar atá greamaithe de thaobh foirgnimh; íomhánna a chuirtear go díreach ar bhallaí le stionsail; dealbhóireacht atá scriúáilte ar an gcuaille ar chomhartha stad; fiú amháin tíleanna atá cóirithe i bhfoirm chluiche físe na n-allúrach ó na 1980idí.

Ar dtús, traenáil na súl. Cén áit ar chóir féachaint? Ar dhoirse agus timpeall doirse, ar fhoirgnimh thréigthe, ar fhuinneoga a bhfuil comhlaí druidte orthu, os do chionn in airde, gar don talamh, ar chuaillí agus ar chomharthaí sráide, ar chomharthaí tráchta, ar bhoscaí teileafóin agus ar scafaill. Is cuid den eispéireas í íomhá atá ann le bliain a fheiceáil, í leathstróicthe nó clúdaithe le híomhánna eile.

Cuirfidh roinnt obair bhaile go mór le d'eispéireas. Tá go leor láithreán gréasáin ann a chabhróidh leat eolas a chur ar na healaíontóirí is bisiúla agus ansin beidh tú in ann iad a aithint ar an tsráid. Níl aon eolas ar stair na healaíne riachtanach; ní hionann é agus Cézanne a aithint thar Matisse, is mó is cosúla é Michelangelo a aithaint thar Roy Liechtenstein.

Tá a lán ealaíne sráide le feiceáil i ngailearaithe na laethanta seo. Is claonadh é sin atá ina údar buartha ag roinnt daoine – ach is maith ann duit é ag an deireadh seachtaine má thosaíonn sé ag cur fearthainne.

Arna chóiriú ós *To the Trained Eye, Museum Pieces Lurk Everywhere* le Seth Kugel,
The New York Times, Márta, 2008.

## Sliocht C

Dreapaimid go barr an staighre agus isteach linn ina stiúideo. Baineann an mí-eagar stangadh asam. "Ní thugaim cead do Zoe mo stiúideo a ghlanadh," a deir sé, é ag faire ar mo dhreach. "Tá faitíos orm go ndéanfadh an deannach dochar do na canbháis dá gcorrófaí é. Anois, le hais na bhfuinneog, tá obair le déanamh againn."

Brostaím i dtreo na bhfuinneog a shíneann feadh an bhalla ar fad, iad clúdaithe go hiomlán beagnach le cuirtín línéadaigh. Tá solas na gréine mar a bheadh sé ag soilsiú isteach trí scannán, agus tá cáithníní deannaigh ag eitilt sa léas faon. Ransaíonn Edgar i gcupard domhain le linn dom bheith ag féachaint thart ar an stiúideo ollmhór – prócaí gloine agus buidéil, pailéid clúdaithe le péint, scuaba agus cailceanna scaipthe i ngach áit, tacais caite ar mhullach a chéile, seastáin do dealbha, táblaí, cathaoireacha uilleann, agus stóil le scáthláin, frámaí pictiúr, rollaí canbháis agus páipéar anuas orthu. Baineann clic cleaic mo chuid sál macalla as na hurláir adhmaid. Ní fheicim aon áit suí ann, mar sin cuirim orm mo shlipéir bhailé agus mé i mo sheasamh ar leathchois. Airím an-bheag sa stiúideo mór. Tarraingíonn sé amach rolla mór páipéir agus cuireann bior ar chúpla peann luaidhe go tapa. Seasaim go míchompordach idir é agus na fuinneoga agus tochasaim mo dhroim go neirbhíseach.

"Coinnigh an staidiúir sin," a deir sé, agus seasaim gan chorraí. "Tá sé agat go nádúrtha; is breá liom gothaí tuathalacha ar nós do dhroim a thochas."

Láithreach tosaíonn crampa a theacht ar mo lámh, ach déanaim neamhshuim de agus féachaim go grinn ar an stiúideo ag iarraidh m'aire a bhaint de. Tá iontas orm fós go bhfuil sé chomh míshlachtmhar is atá. Tá na ballaí arda lom ar fad cé go gcaithfidh sé go bhfuil a lán saothar ealaíne aige a d'fhéadfadh sé a chrochadh orthu. I measc an tranglaim seo, déanaim mo dhícheall mo staidiúir a choinneáil go ciúin, ar feadh na n-uaireanta an chloig, shílfeá, cé go bhfuil pian i mo ghéaga. Dírím mo shúile ar an urlár, comhairim na dathanna difriúla péinte ansin mar chuideachta

dom féin. Ocht ndath is fiche a chomhairim, más féidir imireacha difriúla den dath céanna a chatagóiriú mar dhathanna nua. Le linn dó a bheith ag ransú trína phéinteanna, labhraíonn sé liom faoina chairde agus faoin stíl nua phéintéireachta atá á tabhairt go Páras acu.

"Táimid ag dul i dtreo atá difriúil ar fad le gach ealaíontóir a chuaigh romhainn," a deir sé go sceitimíneach agus é ag meascadh dathanna. Tagann na focail go tapa, é corraithe beagnach. "Nílimid ag péinteáil portráidí righne ná múrmhaisithe diaganta. Grinnbhreathnú ar an saol, sin é an rud atáimid ag iarraidh a dhéanamh".

Arna chóiriú as *Dancing for Degas* le Kathryn Wagner, Random House Publishing, 2010.

## Sliocht D

Is é séasúr na bhféilte atá ann. Ach na laethanta úd a raibh lucht leanta ceoil sásta cur suas le drochbhurgair agus le beoir the, tá siad sin thart. Tráth dá raibh, dá mba mhaith leat taitneamh a bhaint as cúpla lá de cheol beo agus de dhamhsa i bpáirc in éineacht le do chairde, chaithfeá déanamh gan dhá rud ar a laghad: an ghlaineacht phearsanta agus smacht ar cháilíocht an bhia a d'ith tú – burgair, sceallóga, ceapairí stálaithe, deochanna súilíneacha agus uachtar reoite b'fhéidir. Ach ní raibh baint ar bith ag an mbia leis na féilte.

Ní hamhlaidh atá sa lá atá inniu ann. Bíonn bia ar dheis do láimhe agat nuair a bhuaileann an t-ocras thú, agus thig leat do bholg a athlíonadh ar do shásamh le do rogha rud, ó bhia ardnósach go rósta ar bhior, ó phíotsa agus ó bhia eitneach go pióga croíúla.

Is é Búitíc na Mairteola rogha aon Fhéile – stalla sa limistéir VIP óna ndíoltar feoil ó phórtha neamhchoitianta beithíoch a tógadh ar fhéar, chomh maith le píotsaí taos géar, a luasbhácáiltear in oigheann a dhónn adhmad. Bia ardnósach don scothaicme – bíonn na sceallóga nuaghearrtha as prátaí a fásadh go háitiúil, fiú amháin. Faoin am seo tá Seacow, na mangairí éisc as Londain, ar na príomhdhíoltóirí bia ag an bhféile. Bíonn a gcuid éisc is sceallóga, le piseanna agus miontas orthu, go maith i gcónaí ach is maith is fiú cloicheáin tempura, baoite bán agus goujons de leathóg fosta a thriail. Ar na hainmneacha comónta eile a bhíonn ann tá Flaming Cactus faoi choinne burritos agus tacos, agus Rocket & Relish a dháileann burgair bheadaí as leantóir Airstream. Is é an brollach sicín sméarmhullaigh an bhia atá acu, é gualachghriollta agus maranáidithe i soighe le sinséar agus féar líomóideach. Déantar é a riar ar bhonnóg i dteannta anlann milis chili, oinniúin agus trátaí.

Tá rud éigin ag baint le bheith amuigh faoin aer a thugann orm ispín a shantú agus ní bhíonn aon ghanntanas muiceola ag an bPicnic. Ní bhíonn aon ghanntanas stallaí ann ag fógairt a bhfeabhais féin ach oiread, ina measc *The Splendid Meat Company* agus *The Real Food Company*. Níl a fhios agam cad é mar a bhíonn a gcuid burgar cangarú. Maidir le Panners, is speisialtóirí créipeanna iad sin, idir mhilis agus neamh-mhilis. Más steall siúcra atá uait, téigh go Born to Bake, dream a bhácálann cácaí beaga sioctha, brioscaí, cácaí bácáilte ar thráidirí agus muifíní. Le haghaidh na mbonnóg donn, téigh go dtí Sweet Things, áit a dáileann siad vaiféil Bheilgeacha úra fosta.

Aon rud eile? Ó, is ea, pióga. Conas a dhéanfainn dearmad de na pióga? Beidh pióga go leor ann, iad uile ag troid faoi choinne do euro. Tá acraí d'fhéar glas súlach ann le haghaidh na veigeatóirí, ach má éiríonn tú tuirseach de sin d'fhéadfá dul sa tóir ar ghlasraí, ar chaoineog torthaí nó bíonn fear ag díol cnónna agus síolta i Margadh na bhFeirmeoirí.

Arna chóiriú as *Electric Picnic: When Hunger Strikes* le Angela Flannery, The Irish Independent, 2010.

## Sliocht E

Ní áit é mo bhaile-se a raibh tú riamh ann, ach tá cur amach agat ar a leithéid d'áit. Timpeallán ar bhóthar náisiúnta, eastát tionsclaíochta, Cineplex agus cúig scáileán ann agus céad teach tábhairne teanntaithe taobh istigh den mhíle chearnach laistigh de limistéir an bhaile. Tá an tAtlantach in aice láimhe; agus an cósta atá mar a bheadh cnámh géill, é cnapánach agus cinn tíre air atá foirgthe le faoileáin, tá sin in aice láimhe. Tráthnónta samhraidh, ardaíonn na ba a gceann i bhféarach na bparóistí thart timpeall, boladh na buaraí ar an bhféarach, agus déanann a machnamh ar ghlamanna V8 na rásaithe óga atá ag réabadh trí na cúl-lánaí.

Tá mé óg agus níl mórán daoine óga anseo, ach is fíor a rá mar sin féin go bhfuil cead ár gcos ar fud na háite againn. Tá sé go maith tar éis 8 i.n., cé go bhfuil sé fós geal amuigh. Tá an solas te trom le lionn dubh den chineál a bhíonn le brath tráthnóna i mí Iúil. Tá mé i mo shuí ag tábla in éineacht le Tug Cuniffe san ionad tobac faoin spéir i teach tábhairne Uí Dhochraigh. Is clós cúng coincréite é an t-ionad tobac, ar chúl an fhoirgnimh ag amharc amach ar abhainn an bhaile. Tá na míoltóga ag cigilt ár gcloigne.

Is í Marlene an rud is gaire do chailín seasta a bhí riamh agam. Bhuail mé léi i dtig Fandango Dé hAoine. Bhí an gnáthscaifte ann; cailíní ar shála spíceacha agus micrisciortaí orthu, an ghruaig chaisíneach ag pléascadh amach acu, agus dath an mhahagaine spréite ar an décolletage acu. Bhí buachaillí ann fosta. Léinte de phatrúin scaraoide a bhí a gcaitheamh acu, iad dúnta ar fad leis na cnaipí agus na muinchillí corntha go huillinn acu. Rinneamar meangadh cúthail aitheantais lena chéile.

Tá Marlene ina cónaí lena máthair, Angie, a bhí ina suí fiú ag a trí a chlog ar maidin. Bhí sí ag an tábla sa chistin, ag amharc ar liosta na gclár teilifíse in iris agus ag ól bolgam tae fuar. Líon sí an citeal agus d'fhiafraigh dínn an raibh cupán tae uainn.

Arna chóiriú as *Young Skins* le Colin Barrett, Random House Publishing, 2014.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Dearadh

## Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid**, iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Bhainfeadh Boirinn mealladh asat. Díreach agus tú ag ceapadh nach bhfuil inti ach carraigeacha, léimeann sí ina beatha le brat álainn de bhláthanna fiáine. Ar an dóigh chéanna, díreach nuair a cheapann tú nach bhfuil duine ná deoraí i do thimpeall, tugann tú faoi deara go bhfuil an áit lán gníomhaíochta, cuid de na tionscnaimh thurasóireachta is nuálaí dá bhfuil le fáil ina measc. Bí ar d'aire áfach – is féidir leis an áit a bheith an-ghnóthach nuair a bhíonn deireadh seachtaine saoire bainc ann.

Ní fada go dtuigeann siad siúd a thugann grá don bhia go bhfuil siad sna flaithis – flaitheas de chuid na gceardaithe bia. Dearbhaíonn Sraith Bia Bhoirne an méid seo agus gníomhaíochtaí a bhaineann le bia ar siúl gach seachtain ó Aibreán go Deireadh Fómhair. I measc na n-imeachtaí ar féidir leat a bheith páirteach iontu, tá do bhealach a dhéanamh i gcadhc chuig picnic ar leithinis Fhíonaigh Bheara, nó sin taitneamh a bhaint as an tae beag ag *Burren Fine Wine & Foods*, agus spaisteoireacht threoraithe a dhéanamh ina dhiaidh sin. Eagraíonn an Chistin Fhiáin Siúlóid Bhia Fhiáin, a mhaireann timpeall trí huaire an chloig agus ar a léirítear na nithe atá inite agus ar féidir iad a bhailiú sna coillte, sna móinéir, sna fálta agus ar an gcladach.

Tabhair cuairt ar Theach Cumhradóireachta agus Ionad Bláthanna Bhoirne sa Charn, áit ar féidir leat léiriú saor in aisce a fháil ar a gcuid oibre, dul ag spaisteoireacht trí ghairdíní na luibheanna agus na mbláthanna agus breathnú timpeall ar an réimse de chumhráin, d'ungthaí, de bhalsaim agus de ghallúnacha atá sa siopa, agus iad ar fad nádúrtha, orgánach, lámhdhéanta. Le linn an tsamhraidh ullmhaítear lónta agus cácaí sóúla ina chuid seomraí tae atá brataithe le rósanna.

Déan tú féin a thumadh i ndraíocht fholaithe Bhoirne le hEispéireas Bhoirne, siúlóidí treoraithe faoi stiúir Marie McGauran, a bhfuil a saol ar fad caite aici ina cónaí faoi bhun Shliabh an Mhullaigh Mhóir i mBoirinn, agus a stiúrann siúlóidí dúlra agus oidhreachta, a thosaíonn i gCora Finne.

Má bhain tú taitneamh as a bheith ag slogadh uachtar reoite Linalla ó do Tesco áitiúil, tabhair cuairt air sa bhaile, i gcaifé Linalla ar an gCéibh Nua. Téigh ar thuras timpeall na feirme go bhfeice tú na gearr-adharcaigh óna dtagann an t-uachtar nó caith siar toradh na hoibre agus tú ag féachaint amach ar Chuan na Gaillimhe.

Nuair a bhíonn do sháith den siúl déanta agat i mBoirinn, bí beagán míchneasta agus faigh rothar leictreach ar cíos ó E-Whizz. Is féidir leo feithicil a thabhairt duit a thabharfaidh taitneamh duit agus tú ag dul le fána agus cumhacht sa bhreis agus tú ag dul in aghaidh an aird.

Níorbh fhéidir turas ar bith ar Bhoirinn a chríochnú gan cuairt a thabhairt ar Aillte móra maorga an Mhothair, ach, más rud é gur sna seanlaethanta a thug tú do chuairt deiridh orthu nuair a d'fhéadfá siúl amach go dtí an bruach, beidh ionadh ort an uair seo.

Mar mhalairt air sin, más duine aclaí tú agus cleachtadh agat ar an siúl, feicfidh tú iad má shiúlann tú an chonair shiúil nua ar feadh 20 km den chósta ó Lios Ceannúir agus Ceann Caillí sa deisceart, le taobh Aillte an Mhothair suas chomh fada le Dúlainn sa tuaisceart, agus radhairc mhórthaibhseacha agat ar Aill na Searrach.

Má tá tú ag tabhairt na bpáistí leat, agus go deimhin, fiú mura bhfuil, b'fhéidir gurbh fhearr leat an saol a thógáil go réidh agus cuairt a thabhairt ar Ionad Éan Creiche Bhoirne ag Pluais na hAille Buí. Tá ceathracha éan san ionad, iolair mhara, seabhaic Harris, bultúir agus fabhcúin agus bíonn taispeántais ann faoi dhó sa lá.

Agus bí cinnte go dtugann tú cuairt ar an bpluais féin. Tháinig feirmeoir uirthi nuair a chuaigh a mhadra isteach i gcoinicéar. Tá cnámha dhá bhéar dhonna ann freisin, ainmhí nach bhfuil ann a thuilleadh, díreach ar fhaitíos go raibh tú ag déanamh iontais cén fáth a bhfuil béar ar chomharthaí na hAille Buí ar fad.

Athchóirithe ó *The Great Irish Long Weekend: the West*, *The Irish Times*, Márta 2014.

**Sliocht B**

Bhí an bóthar isteach chuig Istituto Statale d'Arte go hálainn ar fad, cuma ríoga air nach mór. Bhí crainn ábhalmhóra darach ag claonadh isteach ina n-áirse ón dá thaobh, ceannbhrat á chruthú acu a bhí mar fhráma ar an bhfoirgneamh i gcéin – struchtúr ollmhór a raibh dath tréigthe buí agus póirseáid thriarach air, agus báinseach fhairsing ubhchruthach os a chomhair. Bhí a fhios ag Langdon gurbh é anríshliocht oirirc céanna a raibh forlámhas acu ar pholaitíocht Fhlórans sa chúigiú haois déag, sa séú haois déag agus sa seachtú haois déaga a choimisiúnaigh an foirgneamh seo, dála mórán eile sa chathair. *Teaghlach Medici.*

Ní le cúrsaí polaitíochta ná le cúrsaí airgeadais is mó a bhaineann oidhreacht na Medici, áfach, ach leis an ealaín. Tá seans gurbh iad na Medici na pátrúin ab fhéile agus ab fhairsinge riamh i saol na healaíne. Chuir siad sraith fhlaithiúil de choimisiúin ar fáil a chuir borradh faoin Renaissance. I measc na ndaoine iomráiteacha a fuair pátrúnacht ó na Medici bhí da Vinci, Galileo agus Botticelli. Ba mar thoradh ar choimisiún a fuair sé ó Lorenzo de Medici a chruthaigh Botticelli 'Breith Venus', an pictiúr is cáiliúla dá chuid. B'ealaíontóir agus b'fhile ardoilte é Lorenzeo féin a ndúradh faoi go raibh súil den scoth ina cheann aige – tugadh Lorenzo il Magnifico (Lorenzo Ollásach) air as ucht a chuid gnaíúlachta.

Ó tharla grá chomh mór sin a bheith ag na Medici don ealaín, cheap Langdon go mbeadh an teaghlach sásta go ndearnadh Institiúid Ealaíne bheoga den fhoirgneamh os a chomhair – a tógadh i dtús báire mar phríomhstáblaí capall na Medici. Bhí ealaíontóirí óga ag baint spreagadh as an suíomh suaimhneach seo anois, suíomh a roghnaíodh i gcomhair stáblaí na Medici mar go raibh sé gar do cheann de na limistéir mharcaíochta ab áille i bhFlórans. *Gairdíní Boboli*.

D'fhéach Langdon ar chlé, áit a raibh foraois de bharra crainn le feiceáil thar bhalla ard. Anois, bhí an-chuid turasóirí ag tarraingt ar réimse ollmhór ghairdíní Boboli. Bhí Langdon cinnte dá bhféadfadh sé féin agus Sienna dul isteach sna gairdíní, go bhféadfaidís a mbealach a dhéanamh tríothu, dá n-éireodh leo dul thar an Porta Romana i ngan fhios. Tar éis an tsaoil, bhí na gairdíní ollmhór agus ní raibh aon easpa áiteanna le dul i bhfolach iontu – foraoisí, cathracha gríobháin agus fochlaí. Níos tábhachtaí fós, dá dtrasnóidís Gairdíní Boboli, shroichfidís Palazzo Pitti i ndeireadh na dála, an daingean cloiche ina raibh príomh-cheannáras Ard-Diúcacht na Medici tráth, daingean ina bhfuil 140 seomra agus a bhí ar cheann de na láithreacha ba mhó a raibh tarraingt ag cuairteoirí air.

Athchóirithe ó *Inferno* le Dan Brown, Bantam Press, 2013.

**Sliocht C**

Bhí mac an Rí le pósadh agus dá bhrí sin bhí lúcháir ar gach duine. Bhí sé tar éis bliain iomlán a chaitheamh ag fanacht lena bhrídeog agus bhí sí tagtha faoi dheireadh. Banphrionsa Rúiseach a bhí inti, agus bhí sí tar éis tiomáint an bealach ar fad as an bhFionlainn i gcarr sleamhnáin a bhí á tharraingt ag sé cinn de réinfhianna. Bhí an carr sleamhnáin múnlaithe mar a bheadh eala mhór órga ann, agus bhí an Banphrionsa beag féin ina luí idir sciatháin na heala. Bhí a clóca fada eirmín ag síneadh síos go dtí a cosa, bhí caipín beag bídeach a bhí déanta as páipéar síoda airgid ar a ceann, agus bhí sí chomh bán leis an bPálás Sneachta ina raibh cónaí uirthi riamh anall. Bhí sí chomh bán sin go raibh iontas ar na daoine ar fad agus í ag tiomáint trí na sráideanna. "Is cosúil le rós bán í," ar siadsan agus chaith siad bláthanna anuas uirthi ó na balcóiní.

Bhí an Prionsa ag fanacht ag geata an Chaisleáin chun fáilte a chur roimpi. Bhí súile corcairghorma aislingeacha aige, agus bhí a chuid gruaige mar ór mín. Nuair a chonaic sé í, chuaigh sé síos ar leathghlúin agus phóg sé a lámh. "Bhí do phictiúr go hálainn," ar seisean os íseal, "ach tá tú féin níos áille ná do phictiúr," agus dhearg an Banphrionsa beag.

"Ba chosúil le rós bán roimhe seo í," arsa Péitse óg leis an duine in aice leis, "ach is cosúil le rós dearg anois í," agus bhí ríméad ar an gcúirt go léir.

Ar feadh trí lá ina dhiaidh sin bhí gach duine ag dul timpeall ag rá, “Rós bán, Rós dearg, Rós dearg, Rós bán” agus d’ordaigh an Rí go ndéanfaí tuarastal an Phéitse a dhúbailt. Ós rud é nach raibh aon tuarastal á fháil in aon chor aige ní raibh mórán maitheasa ansin dó, ach measadh gur mhór an onóir é, agus dá bhrí sin rinneadh é a fhoilsiú in Iris na Cúirte.

Nuair a bhí na trí lá thart rinneadh an pósadh a cheiliúradh. Searmanas iontach a bhí ann, agus shiúil an bhrídeog agus a céile i ngreim láimhe ina chéile, faoi cheannbhrat de veilbhit chorcra a bhí bróidnithe le péarlaí beaga. Ansin bhí Féasta Stáit ann, a mhair ar feadh cúig uaire an chloig. Shuigh an Prionsa agus an Banphrionsa ag barr an Halla Mhóir agus d’ól siad as cupán de chriostal geal. Ní fhéadfadh ach iad siúd a bhí go mór i ngrá ól as an gcupán, nó dá ndéanfadh beola falsa teagmháil leis, d’éireodh sé liath agus dorcha agus modartha.

“Tá sé glan soiléir go bhfuil siad i ngrá le chéile,” arsa an Péitse, “chomh glan soiléir leis an gcriostal!” agus dhúbail an Rí a thuarastal den dara huair. “Nach mór an onóir é!” a bhéic na cúirteoirí ar fad.

Bhí Bál le bheith ar siúl tar éis an fhéasta. Bhí an bhrídeog agus a céile chun rince an Róis a dhéanamh le chéile, agus gheall an Rí go seinnfeadh sé an fhliúit. Bhí sé an-dona ar fad ag seinm, ach ní raibh sé de mhisneach ag aon duine riamh é sin a rá leis, mar gurbh é an Rí é. Ní raibh aige ach dhá fhonn, agus ní raibh sé riamh cinnte cé acu ceann a bhí á sheinm aige; ach ba bheag an difear é, mar ba chuma céard a rinne sé, bhéic gach duine amach, “Go hálainn! Go hálainn!”

Bhí taispeántas mór de thinte ealaíne mar mhír dheiridh ar an gclár, agus bhí siad le pléascadh díreach ar uair an mheán oíche. Ní fhaca an Banphrionsa beag tine ealaíne riamh ina saol, agus mar sin bhí sé ordaithe ag an Rí go mbeadh an Piriteicneoir Ríoga i láthair ar lá a pósta.

“Céard leis a bhfuil tinte ealaíne cosúil?” a d’fhiafraigh sí den Phrionsa maidin amháin agus í ag siúl ar an léibheann. “Tá siad cosúil leis na Gealáin Thuaidh, an *Aurora Borealis*,” arsa an Rí, a bhíodh de shíor ag freagairt ceisteanna a cuireadh ar dhaoine eile, “ach go bhfuil siad i bhfad níos nádúrtha. Is fearr liom féin iad ná na réaltaí, mar go mbíonn a fhios agat i gcónaí an uair a bheidh siad le feiceáil, agus tá siad chomh hálainn leis an gceol fliúite a sheinnim féin. Caithfidh tú iad a fheiceáil, cinnte.”

Athchóirithe ó *The Remarkable Rocket* le Oscar Wilde, as *The Selfish Giant and Other Tales*, Michael O’Mara Books Ltd. An Chéad Chló, 1986.

## Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bileog fógraíochta do shiúlóidí cósta bunaithe ar Shliocht A.

(b) Léarscáil stairiúil de Fhlórans bunaithe ar Shliocht B.

(c) Alt as Iris na Cúirte bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann.  Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Íomhá faoi aillte agus imeallbhoird bunaithe ar Shliocht A.

(b) Íomhá faoi 'foraoisí, cathracha gríobháin agus fochlaí' bunaithe ar Shliocht B.

(c) Íomhá faoin taispeántas tinte ealaíne bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht.  Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**3. Fabraicphriontáil agus Baitíc**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún bunaithe ar 'na hÉin Chreiche' atá luaite i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla don Institiúid Ealaíne bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla a bheadh oiriúnach don Halla Mhóir i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do stionsalphriontáil.  Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh.  Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar an ngairdín luibheanna atá luaite i Sliocht A.

(b) Painéal bróidnithe bunaithe ar an ailtireacht atá luaite i Sliocht B.

(c) Cafarr bróidnithe a chaithfeadh an Banphrionsa Rúiseach atá luaite i Sliocht C.

Ní mór duit sonraí na n-ábhar a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh a thabhairt. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bunaithe ar 'an mbrat de bhláthanna fiáine' atá luaite i Sliocht A.

(b) Painéal fite bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Ruga a bheadh oiriúnach le húsáid sa charr sleamhnáin atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Soitheach ceirmeach a bheadh úsáideach chun uachtar reoite a riar i gcaife Linalla atá luaite i Sliocht A.

(b) Painéal rilífe glónraithe don bhealach isteach chuig Gairdíní Boboli bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Árthach le húsáid ag an 'Féasta Stáit' atá luaite i Sliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an saothar ceirmeach a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadracht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Siúlóir bunaithe ar Shliocht A.

(b) Ealaíontóir de chuid an Renaissance bunaithe ar Shliocht B.

(c) An Banphrionsa Rúiseach bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Comhad bosca chun léarscáileanna de bhealaí scéimhe a choinneáil ann bunaithe ar Shliocht A.

(b) Fillteán chun priontaí mínealaíne agus filíocht a choinneáil ann bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán maisithe chun íomhánna a choinneáil ann ó cheiliúradh na bainise atá luaite i Sliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ba chóir duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Lógó don chuideachta rothar leictreach E-Whizz atá luaite i sliocht A.

(b) Clúdach do leabhar faoin ailtireacht bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Póstaer ag fógairt an taispeántais tinte ealaíne bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht saorsheasaimh le cur lasmuigh de Theach Cumhradóireachta Bhoirne atá luaite i Sliocht A.

(b) Plaic balla le cur ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig stáblaí capall na Medici atá luaite i Sliocht B.

(c) Dealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an saothar a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit Stiúideo do chlár teilifíse dar teideal 'Cistin Fhiáin' bunaithe ar Shliocht A.

(b) Taispeántas fuinneoige ag fógairt laethanta saoire i bhFlórans bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stáitse do chur i láthair bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus soilsiú, maisíochtaí agus frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh/réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh **do scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór íomhánna dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.** Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir an dearadh atá i gceist agat a dhéanamh sa cheardaíocht atá roghnaithe agat a thaispeáint. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S11/15** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist a d'fhreagair tú)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan fáisc-chlár **nó** vallait doiciméad le haghaidh díoltóra agus a bhfuil coimeádán ann le haghaidh peann agus foirmeacha ordaithe. Ba chóir don dearadh deiridh a bheith oiriúnach do dhuine **amháin** díobh seo a leanas:

(a) dearthóir táirgí

(b) táirgeoir bia

(c) sciamheolaí.

Ní mór don leabharcheardaíocht chríochnaithe feidhmiú agus ní mór coimeádán le haghaidh peann agus foirmeacha ordaithe bheith inti.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: Éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair ch† olláise, greamacháin agus uirlisí cuí, etc.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs (a**) nó** ar Théacs (b). Ní mór **ceithre líne ar a laghad** a scríobh as an téacs a roghnaíonn tú. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**

Chonaic mé spuaiceanna Oxford
Is mé ag dul thar bráid,
Spuaiceanna liatha Oxford
Idir mé is spéir ghlasphéarlach,
Le fir Oxford a bhí mo chroí,
Na fir a chuaigh thar lear chun a mbáis.

Go dtuga Dia scíth daoibh, a fheara sona,
A thug a mbeatha uasal,
A ghlac an caicí is an gunna
In ionad an chaipín is an ghúna.
Go dtuga Dia sibh go háit níos córa
Ná baile Oxford féin.

Arna chóiriú as *The Spires of Oxford*
le Winifred Mary Letts.

**Téacs (b)**

Séasúr na gceonna is na torthúlachta méithe,
Dlúthchara na gréine a aibíonn;
I gcomhcheilg léi faoi conas na fíniúnacha
A shíneann feadh bhunsop na tuí
A luchtú is a bheannú le torthaí;
Na crainn tí faoi chaonach a lúbadh le húlla,
Agus gach uile thoradh a aibiú is a líonadh
go croí;
An gurd a bholgadh, blaoscanna na gcnónna coill
A lánú le heithne mhilis; bláthanna déanacha,
Agus tuilleadh arís acu, a chur ag bachlú do na
beacha,
Go gceapann siad nach mbeidh deireadh choíche
leis na laethanta teo,
Mar go bhfuil a gcealla taise thar maoil ag an
Samhradh.

Arna chóiriú as *To Autumn* le John Keats.

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **an t-uasmhéid A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, **á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Bí Aclaí, a Éire

(b) Taispeántas Graifítí Ealaíne

(c) Turais Oidhreachta

**nó**

Dear agus déan bileoigín eolais chun an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

Níor chóir do do shaothar a bheith níos mó ná A2 ar an toise is mó. Ní mór duit litreoireacht a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe. **Ní mór leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. Is ceadmhach úsáid a bhaint as stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin. Ba chóir an stionsal a chur isteach freisin.
**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh nó aon mheán eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) **nó** (b):

(a) Dear agus figh painéal le haghaidh clúdach fón póca bunaithe ar chosáin agus ar thurais.

(b) Dear agus figh taipéis bhalla bunaithe ar shaothar Vincent van Gogh.

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar.
**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) dineasáir agus iontaisí

(b) gluaisrothair agus rothair

(c) bróga agus cosa.

Ba chóir go mbeadh toisí 15cm × 20cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air.
Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar.
**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 15cm × 20cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
**N.B.** *Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhlo(i)c líonóile (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) a chur isteach freisin, chomh maith le do chuid rianuithe.*

## 6. Puipéadracht

Dear agus déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) ealaíontóir

(b) cailleach an uafáis

(c) fear/bean ón gCré-umhaois.

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh cabhail do phuipéid níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.
**Ábhair**: fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc; bunchruth na miotóige agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair éadroma eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) cártaí imeartha nó dairteanna

(b) Scrabble, ficheall nó Monopoly

(c) tomhais agus míreanna mearaí.

Is ceadmhach priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar phíosa fabraice bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) cultúr na Seapáine

(b) cultúr na gCeilteach

(c) cultúr na Maorach.

Ní mór forphriontáil bheith san áireamh i do dhearadh. Ba chóir duit aird a thabhairt ar ghluaiseacht, ar shreabhadh agus ar nascacht. Níor chóir go mbeadh do theicstíl lámhphriontáilte chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsal, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) An Bradán Feasa

(b) Tír na nÓg

(c) Clann Lir.

**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**.
Níor chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) painéal rilífe oiriúnach don bhealach isteach go dtí seomra ealaíne

(b) dealbhóireacht cheirmeach a cheiliúrann an óige

(c) soitheach ceirmeach bunaithe ar 'mo rogha bia'.

**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth-nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan taipéis bhalla **nó** painéal do chlúdach cúisín bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) foraoiseacha agus páirceanna

(b) balúin agus bolgáin

(c) baile agus tuath.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc. An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht

Dear agus déan saothar saorsheasaimh **nó** plaic bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) talmhaíocht agus bia

(b) na scannáin agus an amharclann

(c) foirgníocht agus innealtóireacht.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, bailchríocha cuí, uirlisí agus trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) dealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar stoirmeacha farraige

(b) trófaí le haghaidh dhuais Eolaí Óg na Bliana

(c) bonn le haghaidh comórtas cócaireachta.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicníochtaí tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe, bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) bleachtairí

(b) eisreachtaithe

(c) fianaise.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt isteach sa scrúdú leat. **Ní mór an saothar múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir do shaothar a bhácáil ná a ghlónrú**.
**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta.

Leathanach Bán

2015. M68T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

### Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 27 Aibreán – Dé hAoine, 8 Bealtaine Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 13 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa**.
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **scaif fhada le haghaidh na chéad staidiúire**
- **cathaoir agus droim uirthi le haghaidh an dara staidiúir**.

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta.
Tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir, más mian leo.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir díobh.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú**.

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an chos chlé chun tosaigh beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- géag na láimhe clé díreach, an lámh chlé dúnta ina dorn agus ina luí i gcoinne thaobh na láimhe clé den chorp
- scaif fhada deasaithe timpeall an mhuiníl
- géag na láimhe deise lúbtha agus greim ag an lámh dheas ar dhá thaobh na scaife
- an aghaidh ag féachaint chun tosaigh.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- na cosa agus na glúine tiontaithe ar dheis
- géag na láimhe deise lúbtha agus ag baint taca as barr chúl na cathaoireach
- géag na láimhe clé trasna an choirp agus greim ag an lámh dheas ar mhéara na láimhe clé
- an aghaidh ag féachaint chun tosaigh.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 11 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá láthair ón ré Neoiliteach ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an láthair.
(b) Déan cur síos agus plé ar an láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- struchtúr
- feidhm.

(c) Sceitseáil an maisiúchán ar cheann **amháin** de phríomhghnéithe an tsuímh seo, agus déan cur síos agus plé air.
*Léirigh do fhreagra*.

**2.** Is sampla de mhiotalóireacht ón Iarannaois í an "**Coróin Petrie**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh agus a maisíodh í.
(c) Sceitseáil déantúsán **amháin** eile ón Iarannaois, agus déan cur síos agus plé air.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tá "**Cros na Screaptra**" i gCluain Mac Nóis, Contae Uíbh Fháilí, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh agus a maisíodh í.
(c) Sceitseáil Ardchros **amháin** eile a ndearnadh tú staidéar uirthi, agus déan cur síos agus plé uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Is sampla d'ailtireacht ón ochtú haois déag é **Teach Russborough**, Contae Chill Mhantáin.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an t-ailtire.
(b) Déan cur síos agus plé ar struchtúr agus ar mhaisiúchán an fhoirgnimh seo.
(c) Sceitseáil teach mór **amháin** eile, ón ré chéanna, faoin tuath in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air, agus déan cur síos agus plé air.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá “**Uiliséas i gConamara**” le Seán Keating (1889-1977) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- teicníocht agus úsáid datha(nna)
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Cad atá i gceist sa phictiúr seo, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(c) Sceitseáil pictiúr **amháin** eile le Keating, déan cur síos agus plé air.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Ealaíontóir cáiliúil Éireannach ba ea Louis le Brocquy (1916-2012).
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh saothar **amháin** le Louis le Brocquy a ndearna tú staidéar air.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht agus úsáid datha(nna).

(c) Tabhair roinnt eolais faoi Louis le Brocquy.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- Nathaniel Hone Sinsearach (1718-1784)
- John Lavery (1856-1941)
- Jack B. Yeats (1871-1957)
- William Leech (1881-1968)
- Mainie Jellett (1897-1944)
- John Behan (r.1938)
- Kathy Prendergast (r.1958).

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicníocht agus úsáid comhábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais faoin ealaíontóir a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Tá clú ar an eaglais Ghotach **Sainte-Chapelle**, **Páras,** ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, as na fuinneoga de ghloine daite inti.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an taobh amuigh agus ar an taobh istigh den eaglais seo.
(b) Déan cur síos agus plé achomair ar an dóigh a ndéantar fuinneog de ghloine dhaite.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Is freascó le Leonardo da Vinci (1452-1519) é "**An Suipéar Déanach**".
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh agus úsáid na peirspictíochta
- teicníocht agus úsáid datha(nna)
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Leonardo da Vinci.
*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Tá "**Féinphortráid i Róba le Coiléar Fionnaidh**" le Albrecht Dürer (1471-1528) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh agus teicníocht
- solas agus úsáid datha(nna)
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Sceitseáil saothar **amháin** eile le Albrecht Dürer agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Tá "**Filleadh an Mhic Dhrabhlásaigh**" le Rembrandt van Rijn (1606-1669) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl agus úsáid datha(nna).

(b) Sceitseáil saothar **amháin** eile le Rembrandt van Rijn agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá "**Bóthar Versailles**, **Louveciennes**" le Camille Pissarro (1830-1903) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht agus úsáid datha(nna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin Impriseanachas.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Roghnaigh saothar **amháin** le Pablo Picasso (1881-1973) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Freagair (a) agus (b).
(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú. Déan cur síos agus plé ar an saothar sin faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Pablo Picasso.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- "**An Caoineachán**" le Giotto di Bondone (c.1267-1337)
- "**Eacstais Naomh Treasa**" le Gian Lorenzo Bernini (1598-1680)
- "**Bean Uasal ag Scríobh Litreach lena Banseirbhíseach**" le Johannes Vermeer (1632-1675)
- "**An Vaigín Féir**" le John Constable (1776-1837)
- "**Oíche Réaltach**" le Vincent van Gogh (1853-1890).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- stíl agus úsáid datha(nna).

(b) Déan sceitse de shaothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú agus déan cur síos agus plé air.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar léiriú beo stáitse in amharclann **nó** ar ócáid bheo cheoil atá feicthe agat. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- dearadh seit/radharcra
- dath(anna)/soilsiú
- feistis/smideadh.

(b) Sceitseáil dearadh faoi choinne seit stáitse don dráma is ansa leat **nó** don cheoltóir/banna is ansa leat. Tabhair fáthanna le do roghanna dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar conas a chuirfeá bailiúchán de phictiúir, de dhealbhóireacht agus de shaothair cheardaíochta ar taispeáint go héifeachtach i do scoil.

(b) Ainmnigh gailearaí, músaem, ionad ceardaíochta **nó** ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air.
**agus**
Sceitseáil **dhá** shaothar a chonaic tú le linn do chuairte ann agus a bhí suimiúil, dar leat. Déan cur síos agus plé orthu.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpóstaer ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus íomhánna
- litreoireacht.

(b) Sceitseáil dearadh faoi choinne póstaeir don "lá spóirt" do scoile. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Baineann "Uaschúrsáil" úsáid as seanrudaí agus as ábhair dhramhaíola chun earraí a bhíonn úsáideach agus, go minic, álainn a chruthú.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ***ar an léaráid ar an mbileog leis seo***. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- smaoineamh/feidhm
- cruth/úsáid bunábhair
- dath(anna).

(b) Mol dearadh chun cannaí stáin folmha a "uaschúrsáil". Mínigh feidhm do dhearaidh agus déan cur síos ar na céimeanna a thabharfá chun do dhearadh a chur i gcrích.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht phoiblí ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh/méid
- foirm/cruth
- dath(anna)/dromchla.

(b) Cad é atá i gceist sa saothar seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is spás é stiúideo inar féidir le healaíontóir amhairc obair chruthaitheach a dhéanamh.
Freagair (a) agus (b).

(a) Mol dearadh faoi choinne stiúideo a d'úsáidfeadh mac léinn amharcealaíne. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas i do fhreagra:
- leagan amach/feidhm
- solas/dath(anna)
- stóras/taispeántas.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha troscáin a roghnófá don stiúideo seo agus tabhair fáthanna le do roghanna.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an mball seodra ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- foirm/cruth
- dath(anna)/uigeacht.

(b) Sceitseáil dearadh faoi choinne ball seodra le "héacht" a cheiliúradh. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán